# Scéal, Scéal, Scéal...

21 Meán Fómhair 2023 || Eagrán 165

*Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige.*

## Nóta ó na hOifigigh Pleanála Teanga

**Ba mhaith linn focal buíochais a ghabháil le pobal Chois Fharraige as ucht an tacaíocht agus cúnamh a thugtar don Fhóram i gcónaí. Tá Plean Teanga Chois Fharraige á chur i bhfeidhm le breis agus trí bliana anuas anois agus níl aon amhras ach go bhfuil ról suntasach ag muintir na háite sa phróiseas sin. Is pointe eolais agus foinse taitnimh é *Scéal, Scéal, Scéal...* agus ba bhreá linn dá mbeadh ionchur ag an bpobal ann. Tá muid i gcónaí ag iarraidh a chloisteáil uaibh - agus aon mholtaí atá agaibh a chloisteáil agus a phlé. Ar scáth a chéile a mhaireann muid, ar ndóigh!**







# FÉILE EALAÍONA NA LACHAN

Beidh ceiliúradh ar oidhreacht agus cultúr na Gaeltachta ag croílár Féile Ealaíona na Lachan de chuid 'An Bruach Thoir', ag Gaeltacht Oirthear Chathair na Gaillimhe go luath. Cuirfear tús leis an bhféile ar an Déardaoin 21 Meán Fómhair agus mairfidh sí go dtí an Domhnach 24 Meán Fómhair. Léireofar *Peigín is Peadar* ag Scoil Bhríde, Mionlach @ 11 ar an Déardaoin. Beidh ceardlann damhsa ar an sean-nós le Seána Redmond ar siúl ar an Déardaoin @ 7i.n. sa scoil. Chomh maith le sin, tiocfaidh ceoltóirí agus amhránaithe Gaeltachta le chéile le haghaidh seisiún ag Tigh McGinn ar an Aoine @ 9:30i.n Beidh turas siúil ar an Mionlach ar siúl ar an Satharn @ meánlae. Beidh amhránaíocht agus ceol ar an láthair ó Dheasún Ó Seanán, Michael McGettrick agus Siobhán Hogan. Casfar le chéile ag an tús ag Scoil Bhríde. Is féidir eolas a fháil faoin bhféile ag www.bruachthoir.com




# CLUB SCANNÁN CHOIS FHARRAIGE

Fógraíodh sceideal an Fhómhair de chuid Chlub Scannán Chois Fharraige le gairid. Is iomaí scannán iontach a bheas á léiriú ag an gclub le linn an shéasúir, mar is iondúil! Cuirfear tús leis na scannáin ag 8:15i.n. chuile Dhéardaoin. Tosóidh an sceideal nua le *One Fine Morning* ar an 28 Meán Fómhair. Léirfeofar *Tarrac* an mhí dár gcionn le linn Féile Chois Fharraige ar an 5 Deireadh Fómhair. Léirofar *1976* ar an 2 Samhain agus 'sé *Night of the Twelvth* a chuirfidh deireadh le cúrsaí ar an 7 Nollaig. Le ticéid a cheannach nó le ballraíocht a fháil leis an gclub, is féidir cuairt a thabhairt ar www.clubscannan.ie

# OÍCHE CHULTÚIR

Is iomaí ócáid iontach a bheas ar siúl ar an Aoine 22 Meán Fómhair mar cheiliúradh ar Oíche Chultúir 2023. Beidh ceiliúradh speisialta ar chathair dhátheangach na Gaillimhe, le bia, ceol agus craic á reáchtáil ag *Gaillimh le Gaeilge* ar an Aoine @ 6i.n. ag Ionad Siopadóireachta na Faiche Móire @ Balla Mór an Bhúrcaigh.

Tá ceiliúradh á reáchtáil ag Fíbín ó 9r.n-1i.n. ar an Sráid Láir, i gCathair na Gaillimhe freisin. 'Sí 'Gaeltacht na Todhchaí' a bhéas á léiriú ag Fíbín ar bhealach cruthaitheach agus ealaíonta. Tabharfaidh banna práis 424 an lucht féachana leo ar thuras draíochtúil. Casfaidh siad le damhsóir aerga faoin uisce, an sean-nós nua, dráma grá ag úsáid AI, cór trom-mhiotal, agus beidh oíche go maidin ann le ceol réabh agus trad ó DJ PCP.

Níos faide siar, ag carrchlós Fíbín, ar an Tulach @ 1i.n., beidh taispeántas gearr ó 'Ghaeltacht na Todhchaí'. Píosa rince aerga darbh ainm 'Snámh breá fada' a bhéas á léiriú, leis an ealaíontóir agus damhsóir Freddy Burrows.

Beidh cleachtaí oscailte 'An Triail' ar siúl ag Halla na Tulaigh @




2:30-4i.n. Beidh fáilte roimh an bpobal bualadh isteach chuig halla na Tulaigh chun Fíbín a fheiceáil i mbun cleachtaidh don dráma aitheanta, a bhéas ag dul ar chamchuairt i mí Dheireadh Fómhair.

# OÍCHE CHULTÚIR

Chun ceiliúradh a dhéanamh ar Oíche Chultúir beidh Ros na Rún, sraith dhráma móréilimh TG4, ag cur fáilte roimh a lucht leanúna chuig an seit teilifíse idir 4.30 i.n. – 6.30 i.n.
Tá réamh áirithint riachtanach.
Déan teagmháil le:
leiriuchain@rosnarun.com
le d'áit a chur in áirithe,
chomh luath agus is féidir!






Tá imeacht á reáchtail ag 'Pastime Chonamara' ar Oíche Chultúir freisin. Taispeántas, cur i láthair agus plé Ceirdeanna Tradisiúnta chómh maith le Módh Déanta Fearais Iascaireachta a bhéas ann, le béim ar Photaí Gliomach, Gliondaí, Maidí Slait Iascaireachta chómh maith le Eangach agus Crugaí. Freisin beidh roinnt ceoil agus amhráin le cloisteáil! Cuirfear tús leis an ócáid @ 8i.n. ag An bPoitín Stil.



Beidh Ceardlann Scríbhneoireachta ar siúl i Stiúideo Cuan, faoi stiúir Dharach Mac Con Iomaire ar an lá chomh maith. Beidh an seisiún oscailte don phobal. Is drámadóir agus scríbhneoir aitheanta é Darach a thabharfaidh léargas le linn an chúrsa ar na réimsí éagsúla a bhaineann le ceird na scríbhneoireachta.
Cuirfear tús leis an ócáid
@ 6i.n.



# FOLÚNTAIS AG AN mBOGHA CEATHA

Tá an Bogha Ceatha ag iarraidh cur lena bhfoireann, dá ngrúpa iarscoile. Níl aon cháilíochtaí ag teastáil ach tá sé tábhachtach go mbeadh Gaeilge chumarsáideach ag iarrthóirí, go mbeadh iarrthóirí cineálta, cairdiúil agus sásta a bheith ag obair le gasúir idir 4-12 bliain d'aois.
'Siad 1:30-5:30 na huaireanta oibre a bheadh i gceist. Le cur isteach ar an bpost, nó más mian leat níos mó eolais a fháil is féidir teagmháil a dhéanamh le oifig@boghaceatha.com nó 091 897 851



# SCÉIM AN OIREACHTAIS: TUISMITHEOIRÍ NA GAELTACHTA

Tá Tuismitheoirí na Gaeltachta ag glacadh le hiarratais faoi láthair do scéim an Oireachtais atá á reáchtáil acu. Tugann an scéim deis do dhaoine óga (aois bunscoile nó meánscoile) an cheantair réiteach agus ullmhúcháin a dhéanamh d'Oireachtas na Samhna. Idir scéalaíocht, aithriseoireacht, agallamh beirte, lúibíní, amhránaíocht ar an sean-nós agus damhsa ar an sean-nós, is iomaí gné arbh fhéidir le háisitheoirí cúnamh agus tacaíocht a thabhairt do dhaoine óga agus iad ag tabhairt aghaidhe ar an stáitse! Le tuilleadh eolais a fháil, is féidir teagmháil a dhéanamh le
eolas@tuismitheoiri.ie nó 091 86951
Glacfar le hiarratais don scéim go dtí Dé Céadaoin 27 Meán Fómhair @ 5i.n.



# GRADAIM CHUMARSÁIDE AN OIREACHTAIS: AINMNIÚCHÁIN DO RÉALTAÍ CHOIS FHARRAIGE

Foilsíodh na gearrliostaí éagsúla do Ghradaim Chumarsáide an Oireachtais le gairid. Is iomaí ainmniúchán atá ar na liostaí a bhfuil baint nó nasc aige le Cois Fharraige. Ainmníodh tríur as an gceantar - Máire Treasa Ní Dhubhghaill, Ciara Cox agus Neansaí Ní Choisdealbha - ar na gearrliostaí do; Phearsa Teilifíse na Bliana, Réalt Óg na Bliana agus Pearsa Raidió na Bliana. Tá ainmniúchán faighte ag *Saol Ella* de chuid Dánú Media do chlár teilifíse na bliana, in éineacht le *Bláth na hÓige* de chuid Aniar TV. Rinneadh taifeadadh ar chuid mhaith den dá chlár seo i gCois Fharraige agus ghlac muintir Chois Fharraige páirt sna cláir freisin. Ainmníodh Méabh Ní Thuathaláin sa chatagóir 'Iriseoir na Bliana'. Tugadh aitheantas don phodchraoladh *An Spota Dubh* le Cian Ó Griallais agus Cárthach Bán Breathnach, chomh maith le *Cosán na mBan* le Treasa Bhreathnach sa chatagóir 'Sraith Raidiío na Bliana' freisin. Guíonn muid chuile rath ar chuile dhuine atá ainmnithe sna catagóirí uilig. Is féidir vótaí a chaitheamh ón Aoine 15 Meán Fómhair ar aghaidh. Is féidir níos mó eolais maidir le vótaí a chaitheamh ar an suíomh idirlín www.antoireachtas.ie









# CLUB FOGHLAIMEOIRÍ GAEILGE CHOIS FHARRAIGE - GRÚPA DRÁMAÍOCHTA

Tá dráma nua cumtha ag Máirín Mhic Lochlainn a bhéas á léiriú, ar stáitse ag an ngrúpa drámaíochta de chuid Chlub Foghlaimeoirí Gaeilge Chois Fharraige ar an Satharn 2 Nollaig. Tiocfaidh an grúpa le chéile ag Oifigí Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga (Inis Fáil, An Spidéal H91 X63V) chuile sheachtain, ar an Déardaoin @ 7:30-9i.n. le haghaidh cleachtaí. Fáiltíonn an Club roimh dhaoine áitiúla - cainteoirí dúchais nó foghlaimeoirí le glacadh le ról sa dráma nó le cúnamh a thabhairt leis an léiriúchán. Tugann an drámaíocht deis d'fhoghlaimeoirí dul i dtaithí ar labhairt na Gaeilge ar bhealach nádúrtha agus spraíúil. Tá fáilte is fiche roimh dhuine ar bith atá ag iarraidh triail a bhaint as - cuirfear tús leis na cleachtaí ar an Déardaoin 14 Meán Fómhair ach beidh fáilte roimh chách an tseachtain dár gcionn chomh maith.



# FOLÚNTAIS AG POTA

Tá POTA Café sa tóir ar fhoireann lán-aimseartha agus páirt-aimseartha. Tá siad ag glacadh le hiarratais do réimse leathan rólanna, idir freastalaithe agus foireann cistine. Cé go gcuideodh sé, ní gá go mbeadh taithí agat san earnáil mar go gcuirfear oiliúint chuimsitheach ar fáil. Déantar iarracht faoi leith i bPOTA láthair dearfach, measúil agus taitneamhach oibre a chur ar fáil. Bí i dteagmháil leo ar ríomhphost, potacafe@gmail.com, ar na meáin shóisialta, nó buail isteach!

# CAMCHUAIRT AN OIREACHTAIS 2023

Cuirfear tús le Camchuairt an Oireachtais le gairid, agus sí An Cheathrú Rua an chéad stad ar an turas! Mar chuid den thuras, beidh ranganna do dhaoine óga, seisiúin eolais agus seisiúin airneáin á reáchtáil ar an Satharn 23 Meán Fómhair. Beidh ceardlann Amhránaíochta ar an Sean-Nós le Sarah Ní Ghriallais agus Róisín Elsafty. Beidh Damhsa ar an Sean-Nós ar siúl le Róisín Ní Mhainnín agus Rónán Ó Conghaile chomh maith le Scileanna Taibhléirithe le Traolach Ó Conghaile agus Luisne Ní Neachtain. Beidh na máistir-ranganna seo ar siúl ó 10r.n.-3i.n. Ní mór clárú roimh ré do na ceardlanna le d'áit a chur in áirithe.



Beidh seisiún eolais um chumhdach leanaí ar siúl le linn na cuairte freisin, do dhaoine fásta. Beidh an seisiún seo ar siúl @ 11:30r.n. - 1i.n. Beidh cuid mhaith den ábhar dírithe ar dhaoine a bhéas ag obair ar Chriú an Oireachtais ag an bhFéile ach tá fáilte roimh chách! Ina dhiaidh na ceardlanna seo beidh oíche mhór ceoil, amhranaíochta, spórt agus spraoi sa Chistin ar an gCeathrú Rua, ag tosú @ 8:30i.n.

An tOireachtas
GRÉASÁN NA nGAEL

# ARD-DIOPLÓMA I nGAEILGE FHEIDHMEACH AGUS AISTRIÚCHÁN

Tá Ard-Dioplóma i nGaeilge Fheidhmeach agus Aistriúchán á reáchtáil ag Europus i gcomhpháirt le Údarás na Gaeltachta agus ATU. Cúrsa lánaimseartha, sé mhí atá ann a bheas ar siúl ar an gCeathrú Rua. Cuirfear tús leis an gcúrsa ar an 18 Deireadh Fómhair. Cuirfear iarrthóirí faoi agallamh agus beidh scrúdú cainte le déanamh freisin. 'Sé Déardaoin 31 Lúnasa @5i.n. an spriocdháta le hiarratas a dhéanamh. Tá an cúrsa dírithe ar dhaoine ar mian leo a bheith ina n-aistritheoirí gairmiúla anseo in Éirinn nó in Institiúidí na hEorpa nó ar dhaoine ar mian leo a bheith ag obair in earnáil na Gaeilge. Is féidir tuilleadh eolais a fháil faoin gcúrsa ach teagmháil a dhéanamh le Sinéad ag sinead@europus.ie nó 091 595 492

# AITHEANTAS MAR SCOIL GHAELTACHTA BRONNTA AR CHOLÁISTE CHOLMCILLE

Comhghairdeachas ó chroí le Coláiste Cholmcille as ucht aitheantas mar scoil Ghaeltachta, de réir mar a sonraítear i bPolasaí don Oideachas Gaeltachta, a bhaint amach le linn na seachtaine. Rinne foireann agus pobal na scoile obair na gcapall leis an aitheantas seo a bhaint amach. Oibríonn An Fóram leis an scoil go minic ar thograí, comórtais agus imeachtaí éagsúla, ar mhaithe le forbairt, tacaíocht agus dul chun cinn na Gaeilge ann. Is léir go bhfuil an t-aitheantas seo tuillte go maith ag an scoil.

Treise libh, a chairde!

# BIOBUS: CUAIRT AR CHOIS FHARRAIGE

Tá feachtas feasachta á reáchtáil ag ionad taighde de chuid Choláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath maidir leis an inbhuanaitheacht agus athrú aeráide. Mar chuid lárnach den fheachtas, rachaidh an 'BioBus' – bus speisialta a léireoidh taispeántas suimiúil – ar camchuairt ar fud na tíre. Beidh an t-uafás le feiceáil agus le foghlaim ag an taispeántas maidir le breoslaí iontaise agus réitithe éiceabhácha le dul i ngleic le bagairt an athrú aeráide. Tá sé i gceist go dtiocfaidh an taispeántas go Cois Fharraige ar an 12-18 Samhain. Tá Coláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath sa tóir ar dhaoine le suim acu san ábhar, a bheadh ar fáil le roinnt oibre a dhéanamh ag an taispeántas. Cuirfear traenáil ar fáil dóibh siúd a bheadh sásta tabhairt faoin obair, idir seisiún Zoom chomh maith le roinnt litríochta a bheadh le léamh, agus bheadh íocaíocht i gceist (€15 in aghaidh na huaire). Ar an iomlán, táthar ag ceapadh go mairfeadh na laethanta oibre ó 9r.n-7i.n ar na laethanta a bheadh an taispeántas ar siúl. Tá sé tábhachtach go mbeadh iarrthóirí sásta labhairt leis an bpobal, go mbeadh siad in ann aistriú go héasca ó Bhéarla go Gaeilge agus go mbeadh sé de chumas acu eolas a fhoghlaim. Beidh taighdeoirí na foirne ar an láthair freisin le go mbeifí in ann aghaidh a thabhairt ar aon cheisteanna teicniúla! Tá leabhrán foilsithe ag an ngrúpa taighde maidir leis an bhfeachtas, más mian leat cóip a fháil, nó níos mó eolas a fháil, is féidir teagmháil a dhéanamh le Katie ag optchoisfharraige@ gmail.com nó ag 083 010 6294

biorbic



# ACLAÍOCHT AGUS LÁIDRIÚ LE ADHNA

## Láidriú do dhaoine os cionn 60 bliain d'aois

Le Adhna Ní Bhraonáin
Chartered Physiotherapist leis an ISCP



### Beidh muid ag díriú ar:

- Láidreacht sna matáin, ailt agus cnámha
- Balance
- Seachaint nó Moilliú Arthritis, Osteoporosis agus pianta eile

**€5 in aghaidh an ranga**

Fáilte roimh dhaoine le bacanna sláinte ar bith, ach Adhna a chuir ar an eolas roimh ré. Tá líon na spásanna srianta mar sin glaoigh ar:
**083 800 7775**
chun do áit a chinntiú.

Gach Trathnóna **Dé Máirt** ón
**6.30 - 7.30 i.n.**
**Halla Pobail Ros a' Mhíl**
**Guthán: 083 800 7775**